Dámhachtain Sparánachta na nEalaíon Traidisiúnta 2013

Treoirlínte d'iarratasóirí

Dámhachtain Sparánachta na nEalaíon Traidisiúnta: seicliosta iarratais

Úsáid na seicliostaí thíos chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas comhlánaithe go hiomlán.

Míreanna atá éigeantach maidir le gach iarratas *(cuir tic le gach ceann de na míreanna)*

- ☐ Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le m'iarratas comhlánaithe agam.
- ☐ Tá CV atá cothrom le dáta ullmhaithe agam le cur san áireamh le m'iarratas, agus tá sé sin réidh le huaslódáil agam.
- ☐ Tá gach ábhar tacaíochta atá riachtanach ullmhaithe agam (mar a shonraítear i gcuid 1.7 thíos) agus tá sé sin réidh le huaslódáil agam.

Míreanna atá éigeantach maidir le hiarratais áirithe *(cuir tic leo siúd a bhaineann le d'iarratas)*

- ☐ Tá obair le leanaí nó le daoine óga i gceist mar chuid de mo thogra, agus an *Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí* de mo chuid nó de chuid m'eagraíochta curtha isteach agam.

Míreanna eile a bhaineann le m'iarratas, dar liom *(cuir tic leo siúd a bhaineann le d'iarratas)*

- ☐ Tá litir nó litreacha tacaíochta nó teistiméireachta san áireamh le mo thogra, agus tá sí sin nó siadsan réidh le huaslódáil agam.
- ☐ Braitheann mo togra ar shaineolas de chuid daoine ainmnithe eile nó eagraíochtaí ainmnithe eile, agus tá doiciméad ina shonraítear na daoine sin agus a gcuid saineolais réidh le huaslódáil agam.

An dara tuairim *(cuir tic leis an mír seo)*

- ☐ D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

Cabhair maidir le d'iarratas

- Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne a úsáid is féidir leat ríomhtheachtaireacht a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.
- Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid ar fáil i rannóg na gCeisteanna Coitianta ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon ag: http://www.artscouncil.ie/ga/fundInfo/funding_faqs.aspx
- Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos
- Má tá cabhair uait go fóill maidir le d'iarratas, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ag 01 6180200 nó ar an ríomhphost ag awards@artscouncil.ie
- Má tá riachtanais speisialta rochtana agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana ag 01 6180219

1. Maidir le Dámhachtain Sparánachta na nEalaíon Traidisiúnta

1.1 An spriocdháta i gcomhair iarratais a chur isteach

Ní mór gach iarratas a sheoladh isteach trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon.

Is é an spriocdháta maidir le hiarratais a fháil: **5.30 i.n., an 11 Iúil 2013**

1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Is éard is cuspóir Dhámhachtain Sparánachta na nEalaíon Traidisiúnta ná tacú le healaíontóirí gairmiúla aonair i réimse na nEalaíon Traidisiúnta a gcleachtas ealaíne a fhorbairt.

Díríonn an dámhachtain ar an luach agus an tairbhe a bhaineann ealaíontóir, ó thaobh na forbartha de, as tréimhse suntasach ama a chaitheamh i mbun cleachtaidh. Mar sin tugann an dámhachtain am agus acmhainní d'ealaíontóirí chun smaoineamh, taighde agus machnamh a dhéanamh agus chun dul i ngleic lena gcleachtas ealaíne. D'fhéadfadh tacaíocht don iarratasóir maidir leis an méid seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha:

- Saothar a chumadh sa traidisiún nó i gcomhar le ceoltóirí i seánraí eile
- Cóireagrafaíocht a dhéanamh ar phíosa damhsa laistigh den traidisiún nó i gcomhar le healaíontóirí damhsa i seánraí eile
- Iniúchadh a dhéanamh ar stíl agus repertoire traidisiúnta i réimsí an cheoil, na hamhránaíochta, an damhsa nó na scéalaíochta, lena n-áirítear cláir mheantóireachta neamhfhoirmiúla le daoine sainoilte nó le máistrí sna réimsí sin
- Forbairt a dhéanamh ar chorpas saothar ón traidisiún agus/nó i gcomhar le foirmeacha ealaíne eile

1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh

Tá an dámhachtain oscailte d'ealaíontóirí atá ag obair sna seánraí go léir agus ag gach céim dá ngairmréim. Le bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh, ní mór d'iarratasóirí na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- Rugadh i bPoblacht na hÉireann iad nó tá siad ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann
- Ealaíontóirí cleachtacha gairmiúla is ea iad – cé nach gá go dtuilleann siad ioncam go leanúnach óna gcleachtas ealaíon, ná ó sin amháin, ní mór dóibh iad féin a aithint agus a bheith aitheanta ag a gcomhghleacaithe mar ealaíontóirí gairmiúla atá i mbun cleachtaidh

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta don chothromas agus don chuimsiú, agus fáiltíonn sí roimh iarratais ó dhaoine aonair nó ó grúpaí laistigh de phobail ilchultúrtha, agus ó dhaoine faoi mhíchumas.

Cé hé an t-iarratasóir?

Is é an t-iarratasóir an duine a gheobhaidh aon deontas a bheidh á thairiscint agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus coinníollacha an deontais sin.

Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an iarratasóra.

Ní mór do na doiciméid go léir a chuirfear ar fáil a bheith in ainm an iarratasóra. Mar shampla, má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Máire de Barra, ní mór go mbeadh gach doiciméad, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, a bheith san ainm sin. Ní ghlacfar le leaganacha éagsúla amhail Mary Barry nó Máire Barry.

1.4 Cé nach bhfuil incháilithe maidir le hiarratas a dhéanamh?

Áirítear leo seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh:

- Iarratasóirí a chuir isteach ar an scéim Deis le haghaidh an togra chéanna nó le haghaidh togra comhchosúil agus nár éirigh leo
- Daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair.

Ní fhéadfaidh tú iarratas a dhéanamh ach ar Dhámhachtain Sparánachta amháin in aon bhliain féilire amháin.

1.5 Cad is féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith?

Is ionann an t-uasmhéid a dhámhfar ar gach iarratas rathúil agus: **€15,000**

Tá an dámhachtain dírithe ar 'cheannach ama' d'ealaíontóirí chun cuidiú go sonrach lena gcleachtas cruthaitheach a fhorbairt. Ceadaítear méid teoranta costas eile atá bunúsach i dtacú le forbairt chleachtas an ealaíontóra. Sa chomhthéacs sin, is féidir le hiarratasóirí cur isteach ar chostais mhaireachtála. Féadfaidh siad cur isteach ar ábhair, acmhainní, trealamh, saineolas tríú páirtí nó seirbhísí ar cíos freisin sa chás inar féidir a léiriú go mbaineann costais den chineál sin go bunúsach le forbairt a gcleachtais, nó go bhfuil siad riachtanach maidir leis an bhforbairt sin.

De bhreis ar na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, breithneoidh an Chomhairle Ealaíon costais a bhaineann go sainiúil le saothar á dhéanamh ag ealaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ina sonraítear na costais bhreise sin.

Céard é luach an mhaoinithe is féidir leat iarratas a dhéanamh air?

An t-iarratas a dhéanfaidh tú chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú, ní mór go mbainfeadh sé le **caiteachas** a thabhóidh tú le linn do théarma sparánachta, agus iarrtar ort do chaiteachas a shonrú i gcuid 3.2 den Fhoirm Iarratais. Is féidir ranníocaíocht maidir le costais mhaireachtála, ábhair, taighde agus mar sin de a áireamh ansin.

Iarrtar ort freisin a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais **ioncam** ar bith a bhfuil tú ag súil a fháil a bhaineann le do thogra. Áirítear leis sin ioncam ar bith (seachas maoiniú na Comhairle Ealaíon atá á iarraidh agat) a bhaineann go sonrach leis na gníomhaíochtaí a thuairiscítear i do thogra. Ná cuir san áireamh ioncam ar bith nach mbaineann leis na gníomhaíochtaí sin. Mura bhfuil aon ioncam bainteach agat, fág cuid 3.3 den Fhoirm Iarratais bán.

Is ionann an t-uasmhéid is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir **an caiteachas** agus **an t-ioncam** a shonróidh tú, agus ní mór nach sárófar leis an t-uasmhéid atá luaite thuas in aghaidh na bliana (ach amháin sa chás ina mbaineann sé le daoine faoi mhíchumas).

Iarrtar ort an caiteachas, an t-ioncam agus an tsuim atá á hiarraidh agat a shonrú ag dhá chéim le linn d'iarratais:

- Ar líne, nuair a chuirfidh tú tús leis an iarratas (na hiomláin amháin)
- I gcuid 3 den Fhoirm Iarratais (suimeanna miondealaithe agus iomláin).

Cinntigh go bhfuil na hiomláin mar an gcéanna sa dá chás, agus cinntigh gur ionann an méid a iarrtar agus CAITEACHAS IOMLÁN lúide IONCAM IOMLÁN.

1.6 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith

Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain sparánachta amháin (in aon fhoirm ealaíne nó in aon chleachtas ealaíon) in aon bhabhta maoinithe amháin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach bhféadfaidh tú cur isteach orthu, tá siad seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana

- Gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí Stáit eile, amhail Cultúr Éireann
- Gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas
- Gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó a chuirfear ar siúl go príomha chun brabús a dhéanamh
- Gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas
- Gníomhaíochtaí ina bhfuil an taifeadadh ina phríomhghníomhaíocht
- Gníomhaíochtaí a bhfuil leasa airgeadais i gceist leo d'eagraíochtaí atá maoinithe i láthair na huaire ag an gComhairle Ealaíon faoi scéim na nEagraíochtaí a Mhaoinítear go Rialta, faoi dheontais le haghaidh Clár Bliantúil nó faoi dheontais na scéime Maoinithe Bhliantúil
- Gníomhaíochtaí atá ina gcuid bhunúsach d'oideachas foirmiúil leanúnach
- Uirlisí ceoil a cheannach.

1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?

Ionas go mbeith d'iarratas incháilithe le haghaidh measúnaithe i gcomhair Dhámhachtain Sparánachta na nEalaíon Traidisiúnta, **ní mór duit** an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach ar líne:

- Foirm iarratais chomhlánaithe i gcomhair Dámhachtain Sparánachta
- CV mionsonraithe, cothrom le dáta (3 leathanach ar a mhéad), ina ndéantar cur síos soiléir ar do réimse cleachtais agus ar do chuntas teiste
- Litreacha tacaíochta nó litreacha teistiméireachta nuair is cuí
- Más rud é go bhfuil do thogra ag braith ar shaineolas de chuid daoine eile nó eagraíochtaí eile, ba cheart duit sonraí a gcuid saineolais, creidiúnaithe, agus cuntas teiste a chur isteach
- Sampla de shaothar ina léirítear cumas ealaíonta an iarratasóra – m.sh. taifead fuaime.

Má bhaineann do thogra le hobair le leanaí nó daoine óga, ní mór duit an *Beartas agus nósanna imeachta um chosaint leanaí* de do chuid a chur ar fáil.

Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta d'iarratas a mheasúnú agus measfar é a bheith neamh-incháilithe.

Gnásanna ainmniúcháin maidir le comhaid fuaime

Má tá tú ag cur isteach comhaid fuaime mar chuid de d'iarratas, lean an gnás seo le do thoil agus ainmneacha á dtabhairt do na comhaid agat:

Gnás	*taibheoir-rian-cumadóir* nó *taibheoir-rian-traid*
Samplaí	PMcDonell-DrowsyMaggie-Traid.mp3 ABCChamberOrchestra-MiseEire-ORiada.mp3

2. Conas d'iarratas a dhéanamh

2.1 *Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon*

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (tríd an bpost, ar fhacs nó ar an ríomhphost).

Chun clárú mar úsáideoir de chuid na Seirbhísí ar Líne, téigh go dtí www.artscouncil.ie, roghnaigh an táb 'Seirbhísí ar Líne' agus lean na leideanna le haghaidh **Úsáideoir nua? Cláraigh**

Laistigh de chúig lá oibre seolfar ARN (uimhir thagartha ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat (ar an ríomhphost), ar féidir leat iad a úsáid chun logáil isteach ar an Seirbhísí ar Líne.

Riachtanais maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid

Ní mór do do ríomhaire agus do bhrabhsálaí Idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na seirbhísí ar líne duit:

PC	Windows XP nó níos déanaí *le* Internet Explorer 7.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 2.0 nó níos déanaí
Mac	Mac – Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí *le* Safari 3.1 nó níos déanaí NÓ Firefox 2.0 nó níos déanaí

Tabhair faoi deara le do thoil: Ní mór duit Microsoft Word nó OpenOffice a bheith agat ar do ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Is bogearra saor in aisce é OpenOffice agus is féidir é a íoslódáil anseo: http://www.openoffice.org.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chur i gcrích

Ba cheart duit cur amach a bheith agat ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh an tráthnóna deireanach ar an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapann tú d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Is iondúil go bhfaigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór fiosruithe agus glaonna teileafóin ar an spriocdháta le haghaidh maoinithe agus mar sin d'fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat ag an nóiméad deireanach.

Má bhíonn aon deacrachtaí teicniúla agat ag am ar bith agus iarratas ar líne á dhéanamh agat is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cabhair a fháil trí ríomhtheachtaireacht a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.

2.2 *Líon isteach an fhoirm iarratais*

Íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain is mian leat iarratas a dhéanamh ina leith, más rud é nach bhfuil sin déanta agat cheana féin. Is doiciméad Word í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

Do chás a chur i láthair

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir le cén fáth ar cheart duit maoiniú a fháil, ba cheart duit breithniú an-chúramach a dhéanamh ar cad a chuirfidh tú san áireamh sna codanna seo a leanas den fhoirm:

1.3 Inis dúinn fút féin	Tabhair cuntas gairid ort féin agus cuir síos ar an méid a bhain tú amach i réimse na healaíne le déanaí.

2.1 Achoimre ar do thogra	Déan achoimre ar do thogra (suas le trí phointe ghearra).
2.2 Sonraí do thogra	Cuid lárnach de do thogra is ea an méid a scríobhfaidh tú anseo agus ba cheart go gcabhródh sé leis na daoine a mbeidh baint acu le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas tuiscint a fháil ar cad is mian leat a dhéanamh agus cén fáth. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis iontrálacha amhail míniú praiticiúil ar an ngníomhaíocht atá beartaithe agat, do chuid spriocanna agus uaillmhianta ealaíonta, an comhthéacs níos leithne ina bhfuil tú ag déanamh an togra, agus aon fhaisnéis eile a mheasann tú a bheith ábhartha.
2.3 D'iarratas agus na critéir measúnaithe	Déan cur síos ar an dóigh a gcomhlíonann d'iarratas gach ceann de na critéir measúnaithe – féach ar chuid **3.3 Critéir maidir le hiarratais a mheasúnú** ar leathanach 8.

2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta a bhaineann leis an iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. De ghnáth, d'áireofaí leis sin samplaí de shaothar reatha de do chuid – mar shampla, téacs, físeán, íomhánna, nó taifeadtaí fuaime.

Ní mór duit gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne (mura sonraítear a mhalairt i gcuid **1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?** ar leathanach 4). Mar sin, más gá, ní mór duit ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

Formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas na formáidí comhaid atá inghlactha mar chuid d'iarratas.

Cineál comhaid	Iarmhír comhadainm
téacschomhaid	.rtf/.doc/.docx/.txt
comhaid íomhá	.jpg/.gif/.tiff/.png
comhaid fuaime	.wav/.mp3/.m4a
comhaid físe	Quicktime/.avi/.mov/.mp4
scarbhileoga	.xls/.xlsx
comhaid Adobe Reader	.pdf

Bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

Naisc Ghréasáin a uaslódáil

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar YouTube (www.youtube.com) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach.

Chun sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán na háite ina bhfuil do ábhar óstáilte ar YouTube) isteach i ndoiciméad Word nó a chomhionann agus uaslódáil é mar dhoiciméad tacaíochta ina bhfuil nasc Gréasáin.

Seiceáil go n-oibríonn an nasc ó laistigh den doiciméad a uaslódálfaidh tú – is é sin le rá, go nascann sé i gceart le d'ábhar ar YouTube.

Más mian leat nach mbeadh ábhar a uaslódálfaidh tú chuig YouTube ar mhaithe le d'iarratas le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú bratach a chur le d'fhíseán sna socruithe lena mharcáil mar cheann neamhliostaithe.

Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air trína dtaispeántar go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis. Mar shampla, ba ceart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach, nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa doiciméad.

Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhad i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell	russelljack iarratas.doc russelljack obair reatha.doc russelljack Beartas Cosanta Leanaí.doc russelljack nasc youtube.doc

Is é **40MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

2.4 D'iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é

1: Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár maoinithe cuí a roghnú agus chun uimhir thagartha uathúil a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an bpointe seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil (más rud é nach bhfuil sin déanta agat cheana féin).

2. Iarr suim an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonróidh tú an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus an méid maoinithe a bhfuil tú ag iarraidh. Ba cheart gurb ionann an méid a iarrtar agus **Caiteachas iomlán** lúide **Ioncam iomlán**. Ba cheart gurb ionann na figiúirí deiridh a iontrálfaidh tú anseo agus iad siúd a iontrálfaidh tú i gcuid 3 den fhoirm iarratais.

3. Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais chomhlánaithe agus shábháilte a uaslódáil, mar aon le do CV agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile (féach ar **1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?** ar leathanach 4). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

4. Cuir isteach an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d'iarratas uaslódáilte agat, brúigh **Cuir isteach**.

3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

3.1 *Forbhreathnú*

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom, trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

3.2 *An próiseas measúnaithe*

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

1	Déantar an t-iarratas a admháil.
2	Déantar iarratais a mheasúnú maidir le hincháilitheacht, agus cuirtear aon cheann atá neamh-incháilithe as an áireamh.
3	Déanann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann measúnú scríofa ar an iarratas.
4	Molann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann cibé ar cheart iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart.
5	Déanann painéal piaraí athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus déanann siad moltaí.
6	Faomhann cathaoirleach an phainéil piaraí na moltaí, agus is amhlaidh gur cinntí ansin iad (le húdarás arna tharmligean ag an gComhairle).
7	Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i bhfoirm scríofa.

Fráma ama

Déanann an Chomhairle Ealaíon iarracht iarratais a mheasúnú chomh luath agus is féidir, ach mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe tógfaidh sé suas le 10 seachtaine ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh.

3.3 *Critéir maidir le hiarratais a mheasúnú*

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear san áireamh na hacmhainní atá ar fáil. Déantar measúnú ar gach iarratas i gcoinne na gcritéar seo: **a)** fiúntas ealaíne, **b)** an chaoi a chomhlíonann siad cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana, agus **c)** féidearthacht. Cuirtear síos ar gach ceann de na critéir sin thíos.

Fiúntas ealaíne

Leis an measúnú ar an bhfiúntas ealaíne, dírítear ar chleachtas an ealaíontóra roimhe sin agus ar nádúr na gníomhaíochta atá beartaithe. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis, i measc nithe eile, breithniú ar an méid seo a leanas:

- Cleachtas an ealaíontóra mar a léirítear é trí na hábhair tacaíochta a cuireadh isteach
- Cuntas teiste an ealaíontóra mar a léirítear é tríd an CV agus trí na hábhair tacaíochta eile a cuireadh isteach
- Cumas an ealaíontóra mar a léirítear é tríd an bhfoirm iarratais agus trí na hábhair eile a cuireadh isteach
- An ghníomhaíocht ealaíon atá beartaithe de réir mar a léirítear í san fhoirm iarratais
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe
- An uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht a léiríonn an t-ealaíontóir.

Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh

Déantar iarratais a mheasúnú ar bhonn a mhéide a gcomhlíontar leo cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana – féach ar leathanach 2 le haghaidh sonraí maidir leo siúd.

Mar shampla, d'fhéadfaí go n-áireofaí leis an measúnú sin breithniú ar an tairbhe a bhainfeadh cleachtas an ealaíontóra as an ngníomhaíocht atá beartaithe agus ar an bhforbairt a dhéanfaí ar an gcleachtas sin, nó ar an méid a bpléitear leis na tosaíochtaí ar leith a aithníodh.

Indéantacht

Breathnaítear i measúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir chun an ghníomhaíocht atá beartaithe a sheachadadh. D'fhéadfaí breathnú ar na nithe seo a leanas, ach ní gá gur orthu sin amháin:

- An clár ama nó an sceideal atá beartaithe
- Infhaighteacht na dtacaíochtaí nó na bpáirtithe eile a aithnítear san iarratas

3.4 Painéil phiaraí

Is é cuspóir chruinnithe an phainéil piaraí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun faisnéis a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. De ghnáth cuimsíonn painéil phiaraí triúr moltóirí seachtracha ar a laghad a bhfuil saineolas ábhartha acu ar an bhfoirm ealaíne agus/nó ar an gcleachtas ealaíon.

Bíonn comhalta den Chomhairle Ealaíon i gceannas ar gach cruinniú de ghnáth agus é nó í ag gníomhú mar chathaoirleach nach bhfuil ceart vótála aige nó aici. Freastalaíonn comhairleoirí agus foireann na Comhairle Ealaíon ar na cruinnithe de réir mar is gá, agus bíonn na daoine a raibh baint acu le measúnú tosaigh na n-iarratas ar fáil chun faisnéis a sholáthar. Faigheann baill an phainéil achoimre ar gach iarratas ar an ngearrliosta roimh ré agus bíonn rochtain acu ar an ábhar tacaíochta ar fad ar lá an mheasúnaithe.

3.5 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh an iarratais uathu.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe a bhronnfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éireoidh le d'iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon. Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

Iarratasóirí nach n-éireoidh leo, níl siad incháilithe, áfach, chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon chun an ghníomhaíocht chéanna a dhéanamh. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile, d'fhéadfaí eisceacht a dhéanamh ina leith sin. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

Achomhairc agus gearáin

Má mheasann tú nár comhlíonadh nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an Nós Imeachta Achomharc agus Gearán, nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cóip den bhileog eolais faoi Achomhairc agus Gearáin a fháil.

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh gnásanna foilsithe na Comhairle, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. I gcomhair shonraí an phróisis achomhairc, féach ar http://www.artscouncil.ie/ga/fundInfo/funding_appeals.aspx.